# AN DÍFHÁS

## An Chomhdhháil Oiliúna
## 6 Nollaig 2022
## (10.00-12.00)



Irish Aid
WorldWise Global Schools

Music.mp3


Irish Aid
WorldWise
Global
Schools

# An Clár Oibre

10:00 Cur i láthair

10.10. Claire Canning (ó Chúnamh Éireann)

10.20 Peadar Kirby - An Dífhás (ó Éiceaphobal Chloch Shiurdáin)

10.55 sos gairid

10.55 Conas is féidir cultúr an dífhás a chur i bhfeidhm ar scoil agus sa tsochaí?

11.10 Luachanna a bhaineann leis an Dífhás

11.45 Uasdátú - aon eolas nua

11.55 Deireadh agus ceisteanna

*"Geilleagar a chumasaíonn saol maith do chách, laistigh de theorainneacha an domhain seo"*



'décroissance'

# Cúspóirí Foghlama na Comhdhálacha

- Céard atá i gceist leis an DÍFHÁS?
- Cultúr an dífhás a chur i bhfeidhm ar scoil
- Luachanna tabhachtacha a bhaineann leis an dífhás
- Conas is féidir an Dífhás a chomhthathú inár saolta pearsanta, stíleanna maireachtála agus inár gcomhphobal áitiúla

*"Geilleagar a chumasaíonn saol maith do chách, laistigh de theorainneacha an domhain seo"*



Irish Aid
An Roinn Gnóthaí Eachtracha
Department of Foreign Affairs

# Claire Canning

Cúnamh Éireann, Roinn Gnóthaí Eachtracha

An Roinn Gnóthaí Eachtracha
Department of Foreign Affairs

Irish Aid
An Roinn Gnóthaí Eachtracha
Department of Foreign Affairs

4 OIDEACHAS DEN SCOTH

# Ceard atá i gceist leis an Oideachas Saoránachta Domhanda?





Is **próiseas oideachasúil** é an tOideachas Forbartha lena bhféachtar le cur le **feasacht** agus **tuiscint** an phobail ar an domhan seo ina gcónaímid, domhan atá ag athrú go tapa agus atá **idirspleách** agus **éagothrom**.

Tríd an Oideachas Forbartha Domhanda, déantar iarracht daoine a mhealladh chun páirt a ghlacadh mar **shaoránaigh** san **anailís**, sa **mhachnamh** agus sa ghníomhaíocht ina gceantair féin agus ar an leibhéal domhanda.

Is éard atá i gceist leis an Oideachas Forbartha ná tacú le daoine i dtaobh tuiscint a fháil ar na **struchtúir shóisialta, chultúrtha, pholaitiúla agus eacnamaíocha** a bhaineann lena saol ar an leibhéal idirnáisiúnta, an leibhéal pearsanta, leibhéal an phobail, agus an leibhéal náisiúnta, agus **beart a dhéanamh** chun na struchtúir sin a athrú ó bhonn.

# Céard atá i gceist leis an Oideachas Saoránachta Domhanda?




Téamaí OSD
Cóirthrádáil
Gníomhú ar son na hAeráide
Oideachas ar ardchaighdeán
Forbairt Inbhuanaithe
Idirspleáchas & Domhandú
Éagóir Shóisialta
Síocháin, Coimhlint & Seasmhacht
Sláinte Domhanda
Cothromaíocht
Féiniúlacht & Éagsúlacht
Uisce & Sláintíocht
Trádáil & Fás Eacnamaíoch
Slándáil Bia
An Imirce & na Teifigh
Cearta Daonna
Táirgeadh & Tomhaltas eiticiúil
An Dífhás
An Fhoghlaim Idirchultúrtha
Ciníochas & Claontacht
An Gilleagar Ciorclach
Ocras Domhanda
Ceartas cánach agus trádála

# Spriocanna Forbartha na Mílaoise

1. An fíorbhochtanas agus an fíorocras a dhíothú
2. An bunoideachas uilíoch a bhaint amach
3. An comhionannas inscne a chothú agus na mná a chumhachtú
4. An mhortlaíocht leanaí a laghdú
5. An tsláinte mháthartha a fheabhsú
6. Dul i ngleic leis an VEID/SEIF, le maláire agus le galair eile
7. An inbhuanaitheacht timpeallachta a chinntiú
8. Comhpháirtíocht dhomhanda a fhorbairt don fhorbraíocht

## Spriocanna Domhanda




Rialtas na hÉireann
Government of Ireland
Domhan Níos Fearr
Beartas na hÉireann um Fhorbairt Idirnáisiúnta


Straitéis Oideachais um Shaoránacht Dhomhanda Chúnamh Éireann
2021-2025
Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Irish Aid

WorldWise Global Schools

DICE
Development & InterCultural Education

suas

IDEA
Irish Development Education Association

ubuntu network

Youth 2030

DevelopmentEducation.ie

Global Village
Global Citizenship in Primary Schools

Saolta
Empowerment for a better world through Adult and Community Education.

GENE

## Ionad Chúnamh Éireann

Tá ceardlanna saor in aisce ar fáil in Ionad Chúnamh Éireann Sráid Chluain Mheala, BÁC.








# Peadar Kirby


Is Ollamh Emeritus le Polaitíocht Idirnáisiúnta agus Polasaí Poiblí, Ollscoil Luimnigh é Peadar Kirby agus is ollamh ar cuairt é in Universidad de Valencia, an Spáinn.


Tá sé ina chónaí in Éiceaphobal Chloch Shiurdáin ó 2009, áit a raibh sé ar an mbord stiúrthóirí ó 2015-19 agus tá sé ina chomhordaitheoir ar an gclár oideachais faoi láthair.


Is iad na leabhair is déanaí uaidh ná Karl Polanyi and Contemporary Global Crisis: Transforming Market Society in the Era of Climate Change, Réamhrá leis an Uachtarán Michael D. Higgins (Bloomsbury, 2021) agus, ina chomhúdar le Tadhg O'Mahony, The Political Economy of the Low-Carbon Transition: Pathways Beyond Techno-optimism (Palgrave Macmillan, 2018). Faoi láthair, tá sé ag scríobh leabhar I nGaeilge dár teideal: Athrú Treo: An Ghaeilge sa Trasnú Iar-Charbóin.





# Peadar Kirby
















# An dí-fhás: Eacnamaíocht nua don ré iar-charbóin

Peadar Kirby
Éiceaphobal Chloch Shiurdáin
6ú Nollaig 2022






# An chaint seo

**Coincheap an dí-fháis:**

- Cad is brí leis
- Cad as a tháinig sé

**Tionchar agus éifeacht**

- Cur chuige iomlán nua san eacnamaíocht
- Beartais nua ag teacht chun cinn

**Conas é a chur i bhfeidhm**


- Sampla ó éiceaphobal Chloch Shiurdáin

# Dí-fhás: cad is brí leis?

◇

‘Laghdú pleanáilte ar úsáid fuinnimh agus acmhainní chun an geilleagar a thabhairt ar ais i gcothromaíocht leis an saol beo ar bhealach atá sábháilte, cóir agus cothrom’


- Jason Hickel: *Less is More*



# Maireachtáil taobh istigh de teorainneacha an phláinéid

Táimid ag sárú cúig chinn de na naoi teorainneacha atá aimsithe ag an Stockholm Resilience Institute:

- Féach ar an scannán ‘Breaking Boundaries’ ar Netflix a mhíníonn an coincheap go maith





# Critic ar dogma an fháis eacnamaíoch

Deir **Giorgos Kallis** go bhfuil trí ghné den dhí-fhás ann:

- Cáineadh ar iarmhairtí éiceolaíocha an fháis eacnamaíoch
- Sáraíonn costais an fháis na buntáistí a bhaineann leis agus níl sé inmhianaithe a thuilleadh
- Bíonn an fás i gcónaí bunaithe ar bhrú faoi chois




# Cad as a tháinig sé?

Ó na 1970idí ar aghaidh bhíothas ag díriú ar chostais an fháis:

- Staidéar mor do **Chlub na Róimhe** ar teorainneacha le fás 'Limits to Growth' i 1972

- Sna 1980idí ag teacht chun cinn sa bhFrainc: cuireadh ar bun **nuachtán agus páirtí polaitiúil** tugtha don dí-fhás


- Ó 2002 tháinig sé chun cinn sa **saol acadúil**:

Sraith comhdhálacha air ar fud na hEorpa ó 2008

Cúrsaí air in ollscoileanna mór-le-rá

Sruth leabhair air, ach go háirithe sa bhFraincis, sa Spáinnis, sa Ghearmáinis agus san Iodáilis

Tháinig sé déanach go saol an Bhéarla




# Níos tábhachtaí mar imeachtaí seachas mar choincheap

Is 'líonra díláraithe, iltoiseach agus oscailte' é (Liegey agus Nelson)

Luachanna a spreagann imeachtaí ar bhonn:

- Pearsanta: maireachtáil go simplí, ag iarraidh saoirse ón síor-bhú rudaí a cheannach
- I gcomhar lena chéile: gluaiseachtaí, comharchumainn, feirmeacha pobail, bailte trasdula, éiceaphobail
- Seasamh i gcoinne an chórais: Occupy, seilbh ar thithe agus talamh nach bhfuil in úsáid, Zones a Défendre (ZAD) sa bhFrainc




# Ag spreagadh cur chuige iomlán nua san eacnamaíocht


**Eacnamaíocht an taoschnó**

- An sprioc a athrú: Ón OTI go sochaí folláin
- Ón margadh neamhspleách go dtí an geilleagar leabaithe
- Ón duine aonair réasúnach go neacha sóisialta
- Ó chothromaíocht mheicniúil go castacht dhinimiciúil
- Ó fhás go dáileadh
- Ó caitheamh go athghiniúint
- Ó bheith tugtha don fhás go bheith agnóisíoch faoi

# Eacnamaíocht don Leas Coiteann

**Ag cur an eacnamaíocht ar chúrsa nua**

- Ag aithint an dochar a dhéanann eacnamaíocht bunaithe ar an bhfás mar phríomh sprioc
- An leas coiteann a thomhas seachas an fás:
- Bun-riachtanais an duine a shásamh
- Coinníollacha oibre daonna
- Caithfidh gach táirge an comhshaol a chothú
- Conas brabúis a dháileadh
- Comharchumainn in ionad fiontair phríobháideacha
- Cóir agus pá comhionann do mhná
- Cinntí eacnamaíocha a dhéanamh go daonlathach





# An Pápa Proinsias agus an dí-fhás


‘Caithfimid cuimhneamh ar theorainneacha ciallmhara a chur ar an bhfás agus fiú céim ar gcúl a thabhairt sara mbíonn sé ródhéanach’

‘Tá “fás gan teorainn” a mheallann eacnamaithe, lucht airgeadais agus saineolaithe teicneolaíochta bunaithe ar an mbréag go bhfuil soláthar gan teorainn de mhaoin ar domhan rud a fhágann ár bpláinéad sniogtha tirim thar cuimse’.

- Aitheasc Aspalta Laudato Si’, 193, 106

Éifeacht



degrowth
'Business as usual is not an option.'
Oliver James, author of Affluenza
PROSPERITY WITHOUT GROWTH
Economics for a Finite Planet
TIM JACKSON
Serge Latouche
FAREWELL TO GROWTH




# Beartais nua

Tá an dí-fhás ag spreagadh go leor moltaí do pholasaithe nua:

- Ioncam íosta agus uasta
- Toirmeasc ar dífheidhmeacht phleanáilte
- Fógraíocht a theorannú
- Aistriú ó úinéireacht go húsáid
- Stop a chur le dramhaíl bia
- An geilleagar a logánú




# Fiú litreacha faoin dí-fhás san *Financial Times*

# Fuascailt na samhlaíochta

Tugann an dí-fhás luachanna nua dúinn:

- Bheith sásta lenár ndóthain
- Le níos lú táimid níos mó
- I dtreo sochaí de flúirse simplí




Lig do scíth
ar feadh
5nóim

# Ag léiriú prionsabail an dí-fháis i ngíomh




**Éiceaphobal Chloch Shiurdáin agus Cargonomia**

Tá Éiceaphobal Chloch Shiurdáin suite ar shuíomh 22 heicteár (67 acra), atá taobh thiar de phríomhshráid Chloch Shiurdáin, baile beag i dTuaisceart...

Adobe Spark https://spark.adobe.com/page/ZtvZ19YCDhDtc/

# Gníomh 1:
# An dí-fhás ar scoil

**Conas is féidir cultúr an dí-fháis a chur i bhfeidhm ar scoil, sa seomra scoile agus taobh amuigh de?**

- Plé i ngrúpaí beaga i seomraí ar leithligh ar feadh 10 nóiméad
- Ansin teacht le chéile arís agus cloisimid go léir na smaointí ó gach grúpa



# Gníomh 2: Luachanna

- Tóg 5 nóiméad chun dhá liosta a dhéanamh
- I g**colún** amháin scríobh do **luachanna féin**, na luachanna a mhaireann tú dá réir agus a mhúineann tú do na páistí
- Sa cholún eile, scríobh **luachanna na heacnamaíochta**: conas a ghníomhaíonn an eacnamaíocht?
- Plé i ngrúpaí beaga ar feadh 10 nóiméad
- Plé thar n-ais sa ghrúpa mór



# Fís ar an Dífhás (ó Fhondúireacht Rosa Luxemburg)

# Clár 6 chéim WWGS



# Iniúchadh níos doimhne a dhéanamh ar theamaí Ceartais Dhomhanda

## CÉIM 3

## Tochailt níos doimhne a dhéanamh – Rannpháirtíocht Chriticiúil le téama Ceartais Dhomhanda

Treoracha:

An Múinteoir: Tabhair pictiúr agus/nó téacs do na scoláirí (alt nuachtáin, feachtas sna meáin shóisialta, fógra nó TedTalk, mar shampla) a bhaineann le saincheist ceartais dhomhanda (imirce agus lorg tearmainn, an t-athrú aeráide nó trádáil éagórach, mar shampla).

Scoláirí: Agus sibh ina ngrúpaí beaga, freagraígí na ceisteanna a mhéid is féidir libh.

### 1. Cuirigí bhur ndúshlán

Smaoinígí go criticiúil ar an gcás nó ar an tsaincheist trí na ceisteanna thíos a úsáid.
Tugaigí cuntas ar na cúiseanna is bonn leis an bhfreagra:

- Cad iad na teachtaireachtaí nó na smaointe atá cloiste agaibh cheana faoin tsaincheist seo? (sna meáin, ón scoil, ó chairde, ón teaghlach, bhur dtaithí féin, an méid a chuala sibh anseo is ansiúd)?
- Cé na smaointe a bhfuil an chuma orthu gur 'cinn phríomhshrutha' iad? (atá i measc an phobail agus a nglactar leo mar ghnáthsmaointe faoi láthair)
- Cé na smaointe a bhfuil an chuma orthu nach 'cinn phríomhshrutha' iad nó nach bhfuil ag luí leis na smaointe a mbeadh súil agaibh leo?
- Conas a dhéanann na meáin, an pobal, ceannairí etc. ró-shimpliú ar an gcás nó ar an tsaincheist seo?

Féachaigí ar an bpictiúr nó an téacs a tugadh daoibh:

- Cé hiad na príomhghníomhaithe (grúpaí, daoine nó eagraíochtaí) a bhfuil baint acu leis an tsaincheist seo? (Seans go bhfuil siad le feiceáil go soiléir anseo nó d'fhéadfadh sé gur baint indíreach atá acu leis an tsaincheist)
- Cé atá ag insint an scéil seo? Cén guth nó meon a chloiseann sibh?
- An bhfuil sibh in ann a aithint cé a bhfuil a dtaobh féin le cloisteáil sa scéal ('muid'), agus cé fúthu a bhfuil an scéal ('iad')?
- Conas a léirítear na daoine sa chás seo? An mbreathnaítear orthu ón taobh amuigh (e.g. mar dhaoine atá 'tearcfhorbartha', mar íospartaigh, mar dhaoine éighníomhacha) nó an bhfuil a nguth féin le cloisteáil (e.g. scéalta faoi theacht aniar, neart, cúram, dóchas)?
- An mar shlánaitheoirí a léirítear cúntóirí ón taobh amuigh? (iad ansin chun 'an rud a chur ina cheart' nó chun fadhbanna atá ag daoine eile a réiteach) Conas?
- An bhfuil daoine ón taobh amuigh ag baint tairbhe as cúrsaí mar atá siad nó ag cabhrú le cúrsaí a choinneáil mar atá? Conas?

### 2. Cumhacht

- Cé aige a bhfuil an chumhacht sa chás seo? Cé hiad na príomhpháirtithe cumhachtacha atá i gcroílár na saincheiste nó an cháis seo?
- An bhfuil cothromaíocht chumhachta ann idir na gníomhaithe (grúpaí/daoine) atá i gceist?
- Cé na daoine nó cén grúpa atá ag buachan agus cé atá ag cailleadh? Agus cé mhéad den bhuachan nó den chailleadh atá i gceist? Beag nó mór?
- Cad iad na foinsí eagraíochta nó ceannaireachta a fheiceann tú? Cé chomh héifeachtach atá siad?

### 3. Meonta

- Cad iad na meonta atá ag gach duine de na gníomhaithe (daoine/grúpaí) atá i gceist?
- Cé na daoine a gcloisimid faoina gcuid meonta de ghnáth agus an tsaincheist seo á plé?
- Cé a chinneann cé na tuairimí a n-éistear leo nó a leagtar tábhacht orthu?
- An bhfuil meonta eile ann nach gcloistear nó nach bhfeictear go minic iad ach a bheadh tábhachtach chun an tsaincheist seo a thuiscint? Má tá, cé acu atá siad?

## Céard é do théama ceartais domhanda?

### 4. Cúlra agus bunchúiseanna

- Cad iad na príomhthosca a chuaigh i bhfeidhm ar an gcás nó ar an tsaincheist seo?
- Cad iad na saincheisteanna áitiúla agus na saincheisteanna domhanda a bhfuil baint ag an tsaincheist cheartais áirithe seo leo?
- Cad iad na córais agus na struchtúir faoinar féidir le rudaí leanúint ar aghaidh mar atá (dlíthe, beartais, comhaontuithe áitiúla nó idirnáisiúnta?)
- Cad a d'fhéadfaí a dhéanamh nó gan a dhéanamh, nó cad a d'fhéadfadh ár n-ionadaithe polaitiúla (in Éirinn nó san Aontas Eorpach) a dhéanamh nó gan a dhéanamh chun tionchar a imirt ar an tsaincheist seo?
- Cén bhaint atá ag an tsaincheist seo lenár saol féin ó lá go lá in Éirinn?

### 5. Cothromas / Cothroime

- Cén neamhionannas nó éagothroime atá le feiceáil agaibh sa tsaincheist nó sa chás seo?
- Cén fáth a bhfuil éagóir ann? Cé na guthanna is glóraí atá le clois teáil?
- Cé na daoine nó cé na grúpaí ar mhaith libh níos mó a chloisteáil uathu?
- Cad is féidir a dhéanamh lena chinntiú go mbeidh éisteacht níos fearr agus cumhacht níos mó acu siúd atá imeallaithe sa tsochaí?

### 6- An tAm atá le Teacht

- An dtiocfaidh feabhas ar chúrsaí maidir leis an tsaincheist áirithe seo san am atá le teacht?
- Dá dtiocfadh, cén chuma a bheadh ar na blianta romhainn do na daoine atá i gceist?
- Cén chuma a bheadh ar an saol i gceann bliana, 5 bliana, 20 bliain, 100 bliain?
- Cad a chaithfeadh tarlú chun saol maith a bheith ag na daoine atá buailte ag an tsaincheist seo sna blianta atá romhainn?

### 7. Freagraí

- Cad iad na freagairtí agus/nó na réitigh a d'fhéadfadh a bheith ann chun an fhadhb (an tsaincheist) seo a réiteach nó a laghdú?
- Cé a bhaineann tairbhe as gach freagra?
- Cé chomh mór agus a thugann na réitigh aghaidh ar na tosca casta a bhfuil baint acu leis an tsaincheist?
- Cén réiteach nó cé na réitigh a bhfuil an seans is mó ann go mbainfí amach athrú chun feabhais dá mbarr?
- Cad iad na roghanna atá againn mar Shaoránaigh Éireannacha/Eorpacha/Dhomhanda chun athrú a bhaint amach maidir leis an tsaincheist seo?
- Cé chomh hinbhuanaithe atá an réiteach/na réitigh atá beartaithe?

# Tacaíochtaí agus seirbhísí atá ar fáil ar an Dífhás

**The Rediscovery Centre**
Sarah Clear

**Feasta - The Foundation for the Economics of Sustainability**
Anne Ryan

**Young Social Innovators (YSI)**
Barry Peak

**Global Action Plan (GAP)**
Alex Whyatt

**Latin America Solidarity Centre**
Thomas McDonagh

**Edmund Rice Schools Trust**
Leo Hogan

**Climate Action Short Course Pilot Programme**
Sian Cowman


**Development Perspectives**
Katie Martin

**ECO-UNESCO**
Róisín Fitzgerald

**AMNESTY IRELAND**
**Deirdre Walsh**

WorldWise Global Schools

# Acmhainní Úsáideacha


CÉIM 3
TREOIR MAIDIR LE
CONAS TABHAIRT FAOIN
OIDEACHAS
SAORÁNACHTA
DOMHANDA
Irish Aid
WorldWise
Global
Schools
www.worldwiseschools.ie
Stampaí an Phas Dhomhanda
An tsaincheist nó an téama ar a bhfuil sibh dírithe:

## Cur Chuige Criticiúil i leith OSD

Is éard atá i gceist le cur chuige criticiúil, anailíseach a ghlacadh i leith saincheisteanna domhanda ná próiseas chun scrúdú a dhéanamh ar an ról atá againne maidir le fadhbanna an domhain. Ní mór dúinn gan a dhéanamh amach go bhfuil réiteach simplí ann ar aon saincheist ar leith, ach ina ionad sin féachaint ar na saincheisteanna domhanda sin mar chinn atá casta, ilghnéitheach, ilsraitheach agus a mbíonn meonta éagsúla ag daoine ina leith. Leis an tsamhail 'Digging Deeper' ©, tá creat againn chun an cur chuige criticiúil sin i leith OSD a chur i bhfeidhm ar bhealach éifeachtach.

## An chastacht a bhaineann le Saincheisteanna Ceartais Dhomhanda

Tá ceist na héagóra ar domhan thar a bheith casta agus dá bhrí sin ní féidir réitigh shimplí a fháil uirthi. Tá sé ríthábhachtach, agus muid ag féachaint ar bhunchúiseanna na saincheisteanna, go ndéanfar scrúdú ar an gcoilíniú, ar an gcaipitleachas, agus ar chórais a bhí i réim san am atá caite trínar imríodh cos ar bolg ar dhaoine. Ní mór dúinn éisteacht lena bhfuil le rá ag daoine ar ghoill na rudaí sin orthu féin.

Ina dhiaidh sin, cuidíonn cleachtais thábhachtacha cosúil le hidirphlé, machnamh, díospóireachtaí agus comhráite goillúnacha linn na saincheisteanna ceartais dhomhanda sin a iniúchadh agus a thuiscint.

## An ról atá ag Saoránach Domhanda

Ní mór d'fhoghlaimeoirí meon na dlúthpháirtíochta a chothú agus bá a bheith acu le daoine ar fud an domhain. Ní mór a chur ar a gcumas d'fhoghlaimeoirí a bheith gníomhach maidir le feasacht a spreagadh agus athrú fiúntach a chur ar bun chun aghaidh a thabhairt ar an ról atá acu sa neamhionannas agus san éagóir atá ar domhan, ról nach ceann follasach é.

## Bonn Daingean maidir le Cearta an Duine

Tá cearta an duine ina mbonn leis an iniúchadh ar théamaí OSD. Mar shampla, agus iniúchadh á dhéanamh ar shaincheisteanna ar nós ghéarchéim na bithéagsúlachta, tá sé tábhachtach breathnú ar an tionchar ar dhaoine seachas gan féachaint ach ar an tionchar ar speicis plandaí agus ainmhithe as féin. Dá bhrí sin, ní mór dúinn díriú i gcónaí ar na himpleachtaí ó thaobh chearta an duine in aon saincheist.

## Dífhoghlaim agus Atógáil

Taking a critical literacy approach to exploring GCE allows students to uTrí leas a bhaint as cur chuige na litríochta criticiúla chun OSD a iniúchadh, is féidir leis na scoláirí sruthanna smaoinimh atá i réim ina dtimpeallacht féin agus atá foghlamtha acu a 'dhífhoghlaim' (an fhoghlaim a chur ar ceal). Ach saoránaigh dhomhanda a bheith eolasach, glacann siad an t-am chun iniúchadh a dhéanamh ar mheáin phríomhshrutha, dioscúrsa malartach, claontacht a d'fhéadfadh a bheith ann, steiréitiopaí, agus guthanna óna dtimpeallacht féin. Tríd an deis a thabhairt d'fhoghlaimeoirí machnamh a dhéanamh ar a meonta féin agus na meonta atá ag daoine eile, cuirtear ar a gcumas dóibh an fhírinne a lorg ag croílár na saincheiste, agus a meonta féin a fhorbairt as an nua.

## Scafláil leis an Teagasc agus an Fhoghlaim

Tá sé riachtanach an teagasc agus an fhoghlaim a bhunú ar imeachtaí agus ar ghníomhaíochtaí chun an tuiscint a dhoimhniú. Mar shampla, má chuirtear Lá Cóirthrádála ar bun sa scoil, féadfar an fhoghlaim a dhoimhniú ach iniúchadh a dhéanamh ar an ábhar roimh an imeacht agus scrúdú níos criticiúla a dhéanamh ina dhiaidh ar chreataí eiticiúla tomhaltóirí agus ar shlabhraí soláthair domhanda. Leis an gcur chuige comhsheasmhach sin, déantar an fhoghlaim a dhaingniú agus cuidítear leis na scoláirí teacht ar thuiscint dhomhain ar shaincheisteanna ceartais dhomhanda.

?

## Naisc idir an Ghné Áitiúil agus an Ghné Dhomhanda

Mínigh d'fhoghlaimeoirí go bhfuil saol an lae inniu thar a bheith idirnasctha agus go mbímid go léir spleách ar a chéile. Caithfidh foghlaimeoirí a bheith ar an eolas agus a thuiscint go mbíonn iarmhairtí ag a gcinntí agus a ngníomhartha do dhaoine ar fud an domhain. San iniúchadh ar théamaí OSD, ba cheart saincheisteanna áitiúla a nascadh le saincheisteanna domhanda, seachas féachaint ar shaincheisteanna áitiúla astu féin.

Ba cheart dianscrúdú a dhéanamh ar ról agus cuntasacht na gcóras, na struchtúr, na gcorparáidí agus na dinimice cumhachta, agus ar na gníomhartha agus na cinntí a dhéanaimid féin faoina scáth siúd.

## Cur Chuige Dlúthpháirtíochta

Chun iniúchadh criticiúil a dhéanamh sa OSD, ní mór cur chuige dlúthpháirtíochta a ghlacadh, seachas cur chuige carthanachta, agus muid ag dul i ngleic le saincheisteanna ceartais. Ní cur chuige diúltach é gach ceann atá bunaithe ar charthanacht. Mar sin féin, is féidir le cur chuige atá bunaithe ar charthanacht an chumhacht a bhaint de phobail atá in ann a gcuid fadhbanna féin a réiteach, agus déantar steiréitíopaí agus scéalta bréagacha a bhuanú leis freisin. Cé go mbíonn cúnamh croíúil i gceist le bailiú airgid, is féidir leis an meon 'muid féin agus iadsan' a chothú, muid a dheighilt ón bhfadhb atá ann agus í a fhágáil níos measa.




Tá treoirleabhair & bileoga acmhainní WorldWise Global Schools ar fáil le híoslódáil ón suíomh Gréasáin (faoin Leabharlann Acmhainní): https://www.worldwiseschools.ie/resource-library2/






YOUNG SOCIAL INNOVATORS

# Eagraíochtaí Neamhbhrabúis

Trōcaire

GLOBAL ACTION PLAN (GAP)





AMNESTY INTERNATIONAL IRELAND





BRIGIT'S GARDEN, GALWAY



A PARTNERSHIP WITH AFRICA (APA)



ECO-UNESCO





HEAD, HEART HANDS



(Action From Ireland)

Afri

GALWAY ONE WORLD CENTRE





SELF HELP AFRICA



POETRY IRELAND








# Suíomhanna úsáideacha




- www.developmenteducation.ie/
- https://www.financialjustice.ie/
- https://globaldimension.org.uk/
- www.un.org/sustainabledevelopment/
- www.youth.ie/ (NYCI)
- www.learningforjustice.org/ https://globaldimension.org.uk/
- www.creativityandchange.ie/
- www.trocaire.org/our-work/educate/peaceandjustice/postprimary/
- https://worldslargestlesson.globalgoals.org/






Who gets to eat? (Issue 533)




The world must do more (Issue 532)





Vaccine equality (Issue 531)




Democracy on the edge (Issue 530)




The biodiversity emergency (Issue 529)




A caring economy: What would it take? (Issue 528)




Covid-19: Lessons from the pandemic (Issue 527)




The Kurds: Betrayed again (Issue 526)

# The New Internationalist





The fight for clean air (Issue 525)




How we make poverty (Issue 524)




Freedom to move – for everyone (Issue 523)





China in charge (Issue 522)




Who owns the sea? (Issue 521)




The right to the city (Issue 520)





How to avoid climate breakdown (Issue 519)




Building a new internationalism (Issue 518)




Creat an Phas Domhanda




**Application deadline**
Feabhra 2024

# Gradam an Phas Domhanda

## An tOideachas Saoránachta Domhanda

Léiríonn na 6 chatagóir (stampaí), gnéithe éagsúla de phobal na scoile




**The application process timeline**

1) Register your interest

2) Complete your application (GIVE DEFINITE EXAMPLES & remember to SAVE, SAVE, SAVE) – your score will calculate automatically

3) Submit your application

4) Following appraisal – an automated notification will be sent to tell you your application has been assessed

5) Log in to your account to view the appraisal of your application & your final score




**Cláraigh** do spéis sa ghradam ar ár suíomh gréasáin: https://www.worldwiseschools.ie/register-your-interest/




| Citizens Passport | Diplomatic Passport | Special Passport |
|---|---|---|
| for emerging engagement with Global Citizenship Education | for established engagement with Global Citizenship Education | for exceptional engagement with Global Citizenship Education |

Is féidir le hlarbhunscoileanna in Éirinn amháin cur isteach ar GHRADAM AN PHAS DOMHANDA.



**Uirlis Féinmheastóireachta ar an gChomhdáil:**

https://forms.gle/y4hPTe8e52AE9kts9



**Sinéad Hayes - EAST REGION**
sinead.hayes@worldwiseschools.ie
*087 3502877*
Counties:
Dublin (South), Kildare, Wicklow, Wexford



**Lizzy Noone -EAST REGION**
lizzy.noone@worldwiseschools.ie
*086 8720879*
Counties:
Dublin (North), Cavan, Monaghan, Louth, Meath,



**Aoife Rankin- WEST REGION**
aoife.rankin@worldwiseschools.ie
*089 4636427*
Counties:
Galway, Mayo, Limerick, Clare, Sligo, Donegal, Laois, Leitrim, Offaly, Westmeath, Longford, Roscommon



**Laura Power - SOUTH REGION**
laura.power@worldwiseschools.ie
*0873848418*
Counties:
Cork, Kerry, Tipperary, Waterford, Carlow, Kilkenny

## Watch the video below to see how to claim travel and substitution costs



## An Dífhás

Is smaoineamh é an Dífhás a dhéanann léirmheas ar an **gCóras Caipitleach Domhanda** a shaothraíonn fás ar gach costas, rud a chruthaíonn **dúshaothrú daonna agus scrios comhshaoil**.

Molann gníomhaithe agus taighdeoirí an dífhás, **sochaithe** a thugann tosaíocht **d'fholláine shóisialta agus éiceolaíochta** in ionad **brabúis chorparáideacha**, **ró-tháirgeadh** agus **ró-ídiú**.

Éilíonn sé seo **athdháileadh radacach**, **laghdú ar mhéid ábhartha an gheilleagair dhomhanda**, agus aistriú i gcomhluachanna i dtreo **cúraim, dlúthpháirtíochta agus neamhspleáchais**.

Baineann **meathlú sochaithe** le hathrú iomlán chun **ceartas comhshaoil** agus **saol maith** a chinntiú do chách laistigh de **theorainneacha pláinéadacha**.

**Cad atá riachtanach chun an dífhás a chur i bhfeidhm?**

- Luasmhoilliú, leas ama agus saol taitneamhacht – le dínit do chách.
- Geilleagar agus sochaí a chothaíonn bunús nádúrtha na beatha.
- Laghdú ar tháirgeadh agus ar thomhaltas sa Tuaisceart domhanda agus saoradh ó pharaidím aontaobhach forbartha an Iarthair. Cuirfidh sé seo níos mó deisanna ar fáil do dhaoine sa Deisceart domhanda.
- Méadú ar chinnteoireacht dhaonlathach chun fíor-rannpháirtíocht pholaitiúil a cheadú.
- Athruithe sóisialta agus treoshuíomh i dtreo leordhóthanacht in ionad athruithe teicneolaíochta amháin agus feabhsuithe ar éifeachtúlacht chun fadhbanna éiceolaíochta a réiteach. Creidimid go bhfuil sé cruthaithe go stairiúil nach féidir fás eacnamaíoch a dhíchúpláil ó úsáid acmhainní.
- Geilleagair oscailte, nasctha/idircheangailte agus logánta/go háitiúil a chruthú.



# Buíochas Mór

Irish Aid

WorldWise Global Schools